Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

*An Roinn Oideachais*

# Comhairliúchán ar Mholtaí maidir le Todhchaí Na Comhairle Óige

# CLÁR


| | Leathanach |
|---|---|
| Intreoir | 1 |
| Comhthéacs Straitéiseach | 1 |
| Cúrsaí Buiséid | 2 |
| Tosaíochtaí don Óige | 2 |
| Socruithe Reatha | 3 |
| Réasúnaíocht don Athrú | 3 |
| Tionchar ar Ranna Feidhmeannais Eile | 5 |
| Uainiú | 5 |
| Roghanna i ndáil le seachadadh Seirbhísí Óige sa todhchaí | 5 |
| Ceisteanna don Chomhairliúchán | 7 |
| An dóigh le freagra a thabhairt ar an Chomhairliúchán seo | 8 |
| Cóipeanna Breise | 9 |
| Formáidí Eile | 9 |
| Gearáin | 9 |
| Rúndacht Chomhairliúcháin | 10 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2000 | 10 |
| Alt 75 | 11 |
| Amscála | 11 |
| Reachtaíocht Ábhartha | 11 |
| Cúlra na Comhairle Óige | 12 |

## Intreoir

Is é príomhfheidhm an doiciméid chomhairliúcháin seo roghanna na Roinne Oideachais (dá ngairtear "an Roinn" thíos) maidir le todhchaí Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann (dá ngairtear An Chomhairle Óige thíos) a leagan amach.

Fáiltítear roimh do thuairimí ar an chomhairliúchán agus beidh siad ina gcuidiú le bonn eolais a chur faoi chinntí ar na moltaí maidir le todhchaí na Comhairle Óige. Tabharfar níos moille sonraí ar an dóigh le tráchtanna a sheoladh agus dáta druidte an chomhairliúcháin.

Cuirfear torthaí an chomhairliúcháin seo san áireamh i gcinneadh deiridh an Aire ar thodhchaí na Comhairle Óige.

## Comhthéacs Straitéiseach

Tiocfaidh athrú ar na socruithe traidisiúnta maoinithe do sheirbhísí óige le cruthú an Údaráis Oideachais a thugann chun cinn grúpa nua réigiúnach le seirbhísí óige a sholáthar. Fágann sé sin áfach, go bhfuil dhá eagraíocht ann anois le fírinne ata ag obair ar bhonn réigiúnach: an tÚdarás Oideachais agus An Chomhairle Óige. Agus an tÚdarás Oideachais á bhunú tugtar deis don Roinn seachadadh seirbhísí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha don óige a athmhúnlú agus a leasú lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ag an tseirbhís a bheith chomh héifeachtach agus is féidir ina rannpháirtíocht taobh istigh de na socruithe riaracháin nua i gcúrsaí oideachais. Sa chomhthéacs sin, mar sin de, tá an Roinn ag iarraidh a fhiosrú cén dóigh a bhféadfaí a maoiniú seirbhísí óige a thabhairt tríd an Údarás Oideachais.

Faoi réir an Athbhreithnithe ar an chóras Riarachán Poiblí, moladh an tÚdarás um Oideachais agus Scileanna (ÚOS) chun aon údarás amháin a chruthú le haghaidh riarachán an oideachais. Mar chuid de na moltaí sin, bhí An Chomhairle Óige le comhchuimsiú in ÚOS. Ina dhiaidh sin d'aontaigh an Feidhmeannas go dtarraingeofaí siar óna cheangaltas faoi Chlár Rialtais 2014-16 go mbunófaí ÚOS agus ina áit sin go gcónascfaí na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlann (BOLanna) agus a gCoimisiún Foirne in aon Údarás Oideachais amháin, agus go bhfágfaí An Chomhairle Óige agus an CCSM taobh amuigh de na socruithe sin. Níl sé i gceist gur macasamhail mholadh an ÚOS a bheadh sna roghanna a meabhraítear orthu sa pháipéar seo go ndéanfaí An Chomhairle Óige a scor agus a cuid feidhmeanna, sócmhainní agus foirne a aistriú chuig ÚOS ach go réiteofaí an cheist riaracháin a bhaineann le cruthú an Údaráis Oideachais (.i. go bhfuil dhá eagraíocht ann a bheas ag feidhmiú ar leibhéal réigiúnach).

## Cúrsaí Buiséid

Rinne Rialtas Westminster Buiséad an Fheidhmeannais a laghdú faoi £1.5bn le cúig bliana anuas. Mar thoradh díreach ar an laghdú sin tá i bhfad níos lú airgid ann le caitheamh ar sheirbhísí líne thosaigh amhail an tOideachas.  Ta gach beart féideartha déanta ag an Aire le cosaint a thabhairt ar mhaoiniú an Oideachais agus na seirbhísí líne thosaigh sin atá taobh istigh de chúraimí na Roinne.  Tá sé dodhéanta áfach, gach rud a chosaint agus, mar sin de, chinn an tAire gur gá cur chuige difriúil chun an tseirbhís óige atá á maoiniú ag an RO a bhainistiú lena chinntiú go mbeidh ardchaighdeán agus leanúnachas ann sa dóigh go leanfaidh an tseirbhís óige uirthi ag soláthar an mhéid is mó seirbhísí líne thosaigh taobh istigh den bhuiséad fhormheasta atá ar fáil.

Tá aird an Aire go fóill ar chaighdeáin a ardú agus ar thorthaí a fheabhsú agus, mar sin de, caithfidh an Roinn féachaint chuige go gcinntítear go mbíonn an tseirbhís óige oiriúnach don fheidhm, go tugann sí an luach is fearr ar airgead agus go seachnaítear dúbailt seirbhísí.

## Tosaíochtaí don Óige

Nuair a foilsíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2013, léirigh an beartas Tosaíochtaí don Óige go dtitfeadh soláthar a lán dá ghníomhartha faoi chúram ÚOS, mar ghrúpa soláthair na Roinne. Bhíothas cinnte in Tosaíochtaí don Óige go bhféadfaí soláthar spriocanna polasaí a thabhairt chun cinn taobh istigh de struchtúr riaracháin amháin.

Chun Tosaíochtaí don Óige a sholáthar tá róil nach beag ann do ghrúpaí deonacha réigiúnacha agus áitiúla araon agus iad ag obair i gcomhpháirt leis na húdará is reachtú la. Cuimsítear leis sin cur chuige níos straitéisí i leith measúnú a dhéanamh ar an ghá le soláthar atá ginearálta agus spriocdhírithe, pleanáil seirbhísí óige agus rannpháirtíocht idir an earnáil dheonach agus an earnáil reachtúil le níos mó comhoibrithe a fhorbairt, mar is cuí, i dtaca le cur i bhfeidhm agus soláthar beart  Phlean Forbartha Réigiúnach na hÓige.  Ó bunaíodh an Grúpa Comhairleach Réigiúnach um sheirbhís na hóige tá meicníocht in áit a chuireann ar chumas príomhpháirtithe leasmhara plé a dhéanamh go díreach leis na húdaráis reachtúla chun bonn eolais a chur faoi sholáthar straitéiseach seirbhísí óige, ar bhonn réigiúnach agus fo-réigiúnach araon.  Cuideoidh sé sin leis an Roinn a cuid cuspóirí ginearálta polasaí a bhaint amach go n-ardófaí caighdeáin agus go bhfeabhsófaí torthaí oideachasúla.

## Socruithe Reatha

Go nuige seo bhí gach ceann de na cúig BOLanna freagrach as soláthar áiseanna leordhóthanacha a chinntiú don tseirbhís óige ina gceantar féin agus rinneadh é sin trí mheascán a úsáid de sholáthar maoinithe, i gcomhar le líon mór eagraíochtaí deonacha óige, agus de sholáthar díreach reachtúil. In 2015-16 tá chóir a bheith £29 milliún de chistiúchán ag an Roinn don Údarás Oideachais, lena n-áirítear maoiniú comharthaithe le haghaidh seirbhísí ar leith.

Tugtar breac-cuntas in Aguisín A ar fheidhmeanna reachtúla na Comhairle Óige. Maidir le maoiniú de, tugann sí tacaíocht airgeadais d'eagraíochtaí réigiúnacha deonacha óige, trí mhaoiniú infrastruchtúr go príomha, ach fosta le haghaidh sainchláir áirithe.   Tá maoiniú beagnach £4.1 milliún ar fáil don Chomhairle Óige don bhliain 2015 -16, lena n-áirítear maoiniú comharthaithe.

Go dtí seo mhair na struchtúir riaracháin réigiúnacha agus áitiúla le hais a chéile, gach ceann acu taobh istigh de chúram oibre atá sainmhínithe go soiléir.  Sa chomhthéacs sin, d'oibrigh na heagraíochtaí reachtúla le chéile go héifeachtach ar cheisteanna comhleasa a bhaineann le soláthar seirbhísí óige. Os a choinne sin, mar a luadh cheana, le bunú an Údaráis Oideachais tá an pictiúr beagán níos doiléire, ó tharla go bhfuil dhá eagraíocht reachtúla ann anois ag feidhmiú ar bhonn réigiúnach.

Is é an dúshlán atá ann a iniúchadh cé acu a chinntíonn na struchtúir seo an soláthar is oiriúnaí i dtaca le seirbhísí agus feidhmeanna reatha de, go bhfuiltear ag baint na húsáide is fearr as buiséad na Roinne don óige agus go gcuirtear i gcrích na ceanglais beartais de chuid Tosaíochtaí don Óige.

## Réasúnaíocht don Athrú

Ciallaíonn bunú an Údaráis Oideachais gur féidir cur chuige nua a ghlacadh i leith an eagair atá ar sheirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha agus díriú ar chomhionannas rochtana agus ar chomhsheasmhacht i seachadadh bheartais na Roinne agus i soláthar seirbhísí lena chinntiú go mbíonn siad oiriúnach don fheidhm agus go dtugann siad éifeachtúlacht níos fearr agus an luach is fearr ar airgead.  Cruthaíonn sé struchtúr rialachais a thacaíonn leo sin atá freagrach as gníomhaíochtaí seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a sholáthar do pháistí agus do dhaoine óga ar dhóigh chórasach chomhsheasmhach agus, lena chois sin, tugann sé a ndúshlán agus tugann orthu míniú a thabhairt ina dtaobh.

Is le haghaidh comhthéacs difriúil a cuireadh le chéile na struchtúir reatha atá ann do na seirbhísí óige.  I bhfianaise an tÚdarás Oideachais a bheith bunaithe

agus earnáil na hóige ag tabhairt faoi Thosaíochtaí don Óige a chur i bhfeidhm tá sé ríthábhachtach go dtacódh an struchtúr/cumas eagraíochtúil le soláthar éifeachtach sheirbhísí an chláir.

Is tábhachtach a chur in iúl nár chóir breathnú ar sheirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha mar dhá rud ar leith, ach mar shlánaonad a éileoidh comhoibriú agus idirghníomhaíocht chun na torthaí is fearr ar bith a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga. Beidh an bhéim ar sholáthar seirbhísí óige d'ardchaighdeán a chinntiú ar leibhéil réigiúnacha agus fo-réigiúnacha araon trí rannpháirtíocht éifeachtach an iliomad páirtithe leasmhara (m.sh. grúpaí reachtúla, deonacha, réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus earnála). Creideann an Roinn gur mithid aghaidh a thabhairt ar chuíchóiriú riarachán na seirbhísí óige le níos mó cinnteoireacht nuálach a éascú, maorlathas a laghdú agus deireadh a chur le dúbailt sa dóigh gur mó an éifeachtúlacht a bheas ann ó thaobh an bhuiséid de agus seirbhís don óige a bheith ann a bheas oiriúnach don fheidhm feasta.

Tá an Roinn ar theann a díchill ag cosaint mhaoiniú don Oideachas agus do sheirbhísí líne thosaigh atá faoina sainchúram agus ag an am céanna ag iarraidh deireadh a chur le riarachán neamhriachtanach. Nuair a dhéanfar cuíchóiriú ar sholáthar seirbhísí óige réigiúnacha taobh istigh den Údarás Oideachais oibreoidh siad níos éifeachtúla ná mar a rinne faoi struchtúir roimhe seo óir beidh níos mó solúbthachta ann i dtaca le leithdháileadh acmhainní do sheirbhísí óige agus go mbainfear amach tuilleadh torthaí trí dhúbailt a laghdú agus barainneachtaí scála a dhéanamh. Ciallóidh sé sin gur féidir níos mó de bhuiséad na seirbhísí óige a leithdháileadh ar sheirbhísí líne thosaigh. Aithnítear gur eintiteas ar leith a bhí sa Chomhairle Óige go dtí seo a rinne bainistíocht ar sheirbhísí óige réigiúnacha. Ach é sin ráite, i bhfianaise an bhuiséid reatha agus mhian an Aire chun seirbhísí líne thosaigh a chosaint, is féidir go bhfuil dóigheanna eile ann leis sin a bhaint amach.

Ní gá aon athrú a dhéanamh i reachtaíocht reatha an Údaráis Oideachais chun a chur ar a chumas riar a dhéanamh ar sheirbhísí óige réigiúnacha, ó tharla, áfach, gur bunaíodh An Chomhairle Óige faoin ordú Seirbhís Óige (TÉ) 1989, ba ghá reachtaíocht phríomha chun athrú sa chur chuige a chur i gcrích (.i. An Chomhairle Óige a lánscor).

Tá an Roinn ar lorg tuairimí, mar sin de, ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí na feidhmeanna a dhéanann An Chomhairle Óige faoi láthair a chomhchuimsiú taobh istigh d'oibríocht an Údaráis Oideachais faoi mar a leagtar amach í san Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986 mar a bhfuil an fhreagracht ar an Údarás Oideachais saoráidí leordhóthanacha a chinntiú le haghaidh gníomhaíochtaí i seirbhísí óige atá coimhdeach le cúrsaí oideachais.

## Tionchar ar Ranna Feidhmeannais Eile

Breathnófar ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an pholasaí seo ar reachtaíocht agus pholasaithe Ranna eile Feidhmeannais.

## Uainiú

Bheadh uainiú aisghairm an Ordaithe Seirbhís Óige (TÉ) 1989 faoi réir an phróisis reachtaíochta i dTionól TÉ.

## Roghanna i ndáil le seachadadh Seirbhísí Óige sa todhchaí

Ba mhian leis an Roinn tuairimí a chluinstin ó na páirtithe leasmhara uilig ar na roghanna a shainaithnítear thíos:-

- **Rogha 1 – Lánscor Na Comhairle Óige (Aisghairm an Ordaithe Seirbhís Óige (TÉ) 1989)** Le cruthú an Údaráis Oideachais is féidir anois seirbhís réigiúnach óige amháin a bheith ann. Tugann an rogha seo an deis le dúbailt i seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a laghdú sa dóigh gur féidir an méid is mó maoiniú agus is féidir atá ar fáil a leithdháileadh ar sheirbhísí óige líne thosaigh agus, ag an am céanna, cuirtear le comhchuibheas agus le cáilíocht na seirbhíse a thugtar. Agus é ina sholáthraí aonair cinnteoidh an tÚdarás Oideachais comhsheasmhacht i dtaca le soláthair i seirbhísí óige de. Ní éilíonn feidhmeanna an Údaráis Oideachais aon leasuithe reachtúla chun riar ar sheirbhísí óige réigiúnacha.

- **Rogha 2 – Lánscor Na Comhairle Óige (Aisghairm an Ordaithe Seirbhís Óige (TÉ) 1989) agus cosaint soláthar na hóige taobh istigh den Údarás Oideachais.** Tógann an rogha seo ar Rogha 1 mar go molann sé go dtugtar cosaint do sholáthar na hóige atá taobh istigh den Údarás Oideachais trí na rudaí seo a leanas a fhorbairt:-

  - sainspriocanna a bhaineann le soláthar óige a shocraíonn an tAire agus a ndéanann an Roinn monatóireacht orthu;

  - bainistíocht/monatóireacht ar bhuiséad óige an Údaráis Oideachais lena chinntiú go gcuireann sé bonn agus taca faoi na spriocanna sin;

- níos mó solúbthachta maidir le leithdháileadh acmhainní ar bhonn réigiúnach agus fo-réigiúnach;
- aird ar leith a bheith ar mhaoiniú Eagraíochtaí Óige Deonacha Réigiúnacha;
- sainfhoireann do sheirbhísí óige taobh istigh den Údarás Oideachais; agus
- scóip le haghaidh tionscadail straitéiseacha/ardleibhéil a aithint mar chuid de phróiseas ullmhúcháin Phlean Forbartha Réigiúnach na hÓige, a threoróidh agus a thacóidh le soláthar na seirbhísí ag an Údarás Oideachais.

## Ceisteanna don Chomhairliúchán

Iarrann an Roinn ar gach duine a léann an doiciméad seo tabhairt faoi le hintinn oscailte agus freagra cuiditheach a thabhairt air. Tá súil againn, ó tharla an comhairliúchán seo a bheith againn, go mbeidh ar ár gcumas seirbhís óige a sholáthar a dhéanfaidh an freastal is fearr ar riachtanais páistí agus daoine óga. Chuirfimis fáilte, más ea, roimh fhreagraí ar na ceisteanna seo a leanas:

Cé gur cuí aitheantas a thabhairt don dóigh éifeachtach a ndearna An Chomhairle Óige riar ar sheirbhísí óige go dtí seo,

1. An aontaíonn tú, de thoradh chruthú an Údaráis Oideachais in éineacht le srianta reatha an bhuiséid gur gá cuíchóiriú a dhéanamh ar riarachán seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha?

   a. **IS EA** Má aontaíonn tú le soláthar seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha san Údarás Oideachais, luaigh le do thoil an rogha is dóigh leat a thabharfaidh an éifeacht inmhianaithe: **Rogha 1** nó **Rogha 2**

   b. **NÍ hEA** Mura dtacaíonn tú le soláthar seirbhísí óige réigiúnacha agus fo-réigiúnacha san Údarás Oideachais, luaigh le do thoil cad é atá agat ina n-éadan agus tabhair na cúiseanna agat lena n-áirítear aon samhail mhalartach fhéideartha eile a thiocfadh leat a mholadh.

2. An bhfuil seirbhísí ar bith a sholáthraíonn An Chomhairle Óige faoi láthair a mheasann tú a chaithfidh an tÚdarás Oideachais a choinneáil?

3. An measann tú go ndéanfaidh lánscor Na Comhairle Óige dochar mór do sheirbhísí óige réigiúnacha?

4. An measann tú go n-imreoidh na roghanna atá sainaitheanta tionchar diúltach ar cheann ar bith de na grúpaí in Alt 75?

   Más ea, abair linn.

   - Cé na grúpaí is dóigh leat a dtéann na roghanna i gcion orthu? agus
   - Cén dóigh a shíleann tú a n-imreofaí tionchar diúltach ar na grúpaí?

5. An bhfuil aon tuairim eile, fianaise nó eolas breise agat ar chóir don Roinn é a chur san áireamh le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar an chuíchóiriú atá molta i dtaca le cistí seirbhísí óige a riar?

## An dóigh le freagra a thabhairt ar an Chomhairliúchán

Is mian leis an Roinn do thuairimí a fháil faoi **5.00pm an Aoine 12 Meitheamh 2015**. Ní féidir a dhearbhú go gcuirfear do fhreagra san áireamh má thagann sé isteach i ndiaidh an dáta sin.

Chuirfeadh an Roinn fáilte ar leith roimh thuairimí ar na drochthionchair a shíltear a bheadh ag an athrú seo i gcúrsaí cistithe ar aon réimse ar leith d'obair Na Comhairle Óige nó ar ghrúpaí áirithe ar bith.

B'fhearr na freagraí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an cheistneoir leis seo.

Ba chóir freagraí faoi fhormáidí eile a mharcáil go soiléir leis na focail **Comhairliúchán ar Mholtaí maidir le Todhchaí Na Comhairle Óige** ar an leathanach teidil, nó sa bhosca ábhair ar r-phoist.

Ba chóir freagraí scríofa a sheoladh chuig:

**Post:** Comhairliúchán ar Mholtaí maidir le Todhchaí Na Comhairle Óige
An Roinn Oideachais
An Fhoireann Óige & Scoileanna sa Phobal
Teach Ráth Giall
Br. Bhaile Aodha
BEANNCHAR BT19 7PR

**R-phost:** youth.services@deni.gov.uk

**Fiosruithe Teileafóin:** 028 9127 9733

Nuair a fhreagraíonn tú, luaigh le do thoil cé acu ag freagairt mar dhuine aonair atá tú nó ag léiriú tuairimí eagraíochta. Déan soiléir cé dó a ndéanann an eagraíocht ionadaíocht agus, mar is cuí, cén dóigh ar thángthas ar thuairimí na mball.

## Cóipeanna Breise

Is féidir cóipeanna breise den doiciméad seo a fháil ón seoladh thuas nó trí theagmháil a dhéanamh linn ag: **028 9127 9747**.

## Formáidí eile

Is féidir leaganacha eile, amhail Braille nó leagan fuaime a iarraidh. Téigh i dteagmháil ag 028 9127 9747, é sin nó Youth.Services@deni.gov.uk le d'iarratas a dhéanamh.

Tá cóipeanna leictreonacha den doiciméad seo agus den leabhrán freagartha ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar shuíomh Gréasáin na Roinne: www.deni.gov.uk.

## Gearáin

Má tá aon rud le rá agat faoin dóigh a ndearnadh an comhairliúchán seo, ba chóir iad a sheoladh chuig Ceannasaí na Foirne Óige & Scoileanna sa Phobal:

**R-phost:** Brenda.shearer@deni.gov.uk

**An post:** Ceannasaí na Foirne Óige & Scoileanna sa Phobal
Comhairliúchán ar Mholtaí maidir le Todhchaí Na Comhairle Óige
An Roinn Oideachais
An Fhoireann Óige & Scoileanna sa Phobal
Teach Ráth Giall
Br. Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

**Teileafón:** 028 9127 9765

## Rúndacht Chomhairliúcháin

Foilseoidh an Roinn leagan achomair de na freagraí i ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin. Is féidir go nochtfaí do fhreagra, agus gach freagra eile ar an chomhairliúchán, ach iad a iarraidh. Ní féidir leis an Roinn ach amháin faoi chúinsí eisceachtúla diúltú a thabhairt eolas a nochtadh.

**Sula seolfaidh tú do fhreagra isteach**, léigh ar dtús na paragraif thíos ar rúndacht chomhairliúcháin agus tabharfaidh siad treoir duit ar an seasamh dleathach a bhaineann le haon eolas a thugann tú mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2000** tugann sé seo an ceart don phobal aon eolas a rochtain atá i seilbh údarás poiblí, mar atá, an Roinn sa chás seo. Clúdaíonn an ceart sin ar eolas a rochtain aon eolas a thugtar mar fhreagra ar chomhairliúchán. Ní féidir leis an Roinn a mheas uaithi féin gur rúnda aon eolas a thugtar di mar fhreagra ar chomhairliúchán. Os a choinne sin, tá an fhreagracht uirthi a chinneadh cé acu ba chóir aon eolas a thugann tú mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo, lena n-áirítear eolas faoi cé tú féin, a dhéanamh poiblí nó caitheamh go rúnda leis.

Ciallaíonn sé sin gurb éadóigh go gcaithfear le heolas a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar an chomhairliúchán, mar ábhar rúnda, ach amháin faoi chúinsí a bheadh an-sainiúil. Leagtar síos i gCód Cleachtais an Ard-Seansailéara ar an Acht um Shaoráil Faisnéise na forálacha seo:

- Níor chóir don Roinn glacadh le heolas ó thríú páirtithe faoi rún ach amháin más gá an t-eolas sin a fháil i dtaca le feidhmiú ceann ar bith d'fheidhmeanna na Roinne agus nach dtabharfaí é murach é sin;

- Níor chóir don Roinn aontú ar eolas a fhaightear ó thríú páirtithe a choinneáil "i modh rúin" nach de chineál rúnda é;

- Is éigean gur ar chúinsí maithe, cúinsí ar féidir iad a chosaint i láthair an Choimisinéara Faisnéise a ghlacfaidh an Roinn le forálacha rúndachta.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar rúndacht freagraí téigh i dteagmháil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (nó féach an suíomh Gréasáin ag: **www.informationcommissioner.gov.uk**).

## Alt 75

Faoi Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1988, tá ceangal ar an Roinn, i gcomhlíonadh a cuid dualgas, **aird chuí a bheith aici ar an ghá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir**:

- daoine atá éagsúil i dtaca le creideamh, tuairim pholaitiúil, cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine gan mhíchumas; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Ina theannta sin, gan dochar do na ceanglais thuas, tá ceangal fosta ar an Roinn aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chothú idir daoine a mbaineann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, nó grúpa eitneach difriúil leo.

Mar chuid den chomhairliúchán seo tá an Roinn ag iarraidh go gcuirfí chucu tuairimí faoi aon tionchair fhéideartha ar Alt 75 amach anseo.

Cuirfidh an Roinn do thuairimí san áireamh nuair a dhéanfaidh sí cleachtadh scagtha Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais agus, más cuí, Measúnacht Tionchair Chomhionannais iomlán.

## Amscála

Beidh an comhairliúchán seo ar siúl idir 20 Aibreán 2015 agus 12 Meitheamh 2015.

## Reachtaíocht Ábhartha

An tOrdú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986

An tOrdú Seirbhís Óige (TÉ) 1989

An tAcht Oideachais (TÉ) 2014

## Cúlra ar An Chomhairle Óige

Bunaíodh An Chomhairle Óige faoi réir Alt 3 den **Ordú Seirbhís Óige (TÉ) 1989**. Is comhlacht neamhrannach poiblí é (NDPB) de chuid na Roinne Oideachais. Is ann do struchtúr reatha Na Comhairle Óige ó 1 Eanáir 1990.

Leagtar amach feidhmeanna Na Comhairle Óige in **Alt 4 (1)** d'**O** den **Ordú Seirbhís Óige (TÉ)1989**.
**http://www.legislation.gov.uk/nisi/1989/2413/contents**

Áirítear ar fheidhmeanna Na Comhairle Óige:

- comhairle a chur ar an Roinn Oideachais, an Údarás Oideachais agus aon chomhlacht eile maidir le forbairt na seirbhíse óige;
- gníomhaíocht trasphobail a spreagadh tríd an tseirbhís óige;
- féachaint chuige go gcuirtear áiseanna ar fáil don tseirbhís óige agus saoráidí a rachaidh chun tairbhe daoine óga go háirithe; agus
- comhordú agus úsáid éifeachtúil acmhainní na seirbhíse óige a spreagadh agus a chur chun cinn.

**Alt 4 (2)** Is féidir le An Chomhairle Óige cuidiú fosta le soláthar éifeachtúil seirbhísí riaracháin (ina measc oiliúint agus taisteal) a bhíonn ag eagraíochtaí deonacha ceanncheathrún a bhfuil a gcuid seirbhísí ar fáil ar fud TÉ seachas i gceantar áirithe amháin.

**Comhairliúchán ar Mholtaí maidir le Todhchaí na Chomhairle Óige**